Oileán gan Altra

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin easpa cúram leighis ar oileáin na tíre. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An féidir libh na focail Ghaeilge a cheangal leis na focail Bhéarla?

1. achainí	a. *emergency case*
2. Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	b. *appeal, petition*
3. seirbhís altranais (altrachta)	c. *proper national policy*
4. muinín	d. *decline/ decrease*
5. cás éigeandála	e. *remote*
6. iargúlta	f. *trust*
7. láithreach	g. *now, presently*
8. polasaí ceart náisiúnta	h. *Health Service Executive*
9. laghdú	i. *recently*
10. le gairid	j. *nursing service*

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc den dara huair agus bain úsáid as na focail ó **Ceist 1** thuas, chun cur síos a dhéanamh don duine in aice leat ar ábhar na míre.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís. An bhfuil na ráitis seo fíor nó bréagach?

1. Níl aon chúram baile ar fáil do mhuintir Inis Oírr faoi láthair.
2. Tá altra ar fáil dhá lá sa tseachtain ar Inis Toirc.
3. Tá máthair Úna san ospidéal faoi láthair.
4. Níl aon dochtúir ar Inis Meáin.
5. Tá Comhar Chaomháin ag iarraidh cúnaimh ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ó bhí mí an Aibreáin ann.
6. Tá cruinniú ag teastáil ó Chomhdháil Oileáin na hÉireann leis an bhFeidhmeannacht chun an córas cúram baile amháin a phlé.

Ceist 4 '…seisean…'

1. Cad is brí leis an bhfocal thuas?
2. Cad iad na leaganacha treise atá ag na forainmneacha seo a leanas:

mé, tú, sé (é), sí (í), muid, sibh, siad (iad)

3. Cathain a úsáidtear iad? Tabhair samplaí.

Ceist 5 An Aimsir Láithreach

Cuir na briathra seo san aimsir láithreach (gach pearsa). Ansin, cum ceisteanna leo agus cuir ceisteanna ar an duine in aice leat.

Tá
Déan
Pléigh
Ith
Ceannaigh

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. An bhfuil seirbhísí maithe sláinte sa cheantar ina bhfuil tú féin? Mínigh.
2. Cad iad na seirbhísí eile, a cheapann tú, a bheadh in easnamh ar oileáin na tíre?
3. Cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le bheith i do chónaí ar oileán, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
b	h	j	f	a	e	g	c	d	i

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

1. Fíor.
2. Bréagach. Níl aon altra ar fáil ar Inis Toirc.
3. Bréagach. Tá sí i dteach altranais.
4. Bréagach. Tá. Téann an dochtúir as Inis Oírr go hInis Meáin freisin.
5. Fíor.
6. Bréagach. Ba mhaith leo plé a dhéanamh ar pholasaí ceart náisiúnta a leagan amach de na hoileáin ar fad.

Ceist 4

1. Is é ***seisean*** an fhoirm threise den fhorainm ***sé***.

2. mé – mise
tú – tusa
sé (é) – seisean (eisean)
sí (í) – sise (ise)
muid – muidne / sinne
sibh – sibhse
siad (iad) – siadsan (iadsan)

3. Iarr ar na foghlaimeoirí abairtí a chumadh leis na foirmeacha treise.

Ceist 5

(Bí) Tá	**Déan**
Táim/Tá mé	Déanaim
Tá tú/sé/sí	Déanann tú/sé/sí
Táimid	Déanaimid
Tá sibh	Déanann sibh
Tá siad	Déanann siad
An bhfuil? Tá/Níl	An ndéanann sibh? Déanann/Ní dhéanann
Pléigh	**Ith**
Pléim/Pléann mé	Ithim/Itheann mé
Pléann tú/sé/sí	Itheann tú/sé/sí
Pléimid	Ithimid
Pléann sibh	Itheann sibh
Pléann siad	Itheann siad
An bpléann sibh? Pléann/Ní phléann	An itheann siad? Itheann/Ní itheann
Ceannaigh Ceannaím/Ceannaíonn mé Ceannaíonn tú/sé/sí Ceannaímid Ceannaíonn sibh Ceannaíonn siad An gceannaíonn tú? Ceannaíonn/Ní cheannaíonn	

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Tá achainí déanta ag Comhdháil Oileáin na hÉireann ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte seirbhís cheart altranais a chur ar fáil do na hoileáin ar chósta na tíre. Níl aon chúram baile ar fáil do mhuintir Inis Oírr in Árainn agus ní bhíonn altra ar fáil ach dhá lá sa tseachtain anois. Níl aon seirbhís altrachta ar Inis Toirc i gContae Mhaigh Eo anois ach an oiread.

Sinéad Ní Neachtain
Tá Úna Mhic Dhonnachadha ag súil a máthair a thabhairt abhaile as an teach altranais le linn na Nollag ach tá imní uirthi mar nach bhfuil aon chúram baile ar fáil níos mó in Inis Oírr.

Úna Mhic Dhonnachadha, Inis Oírr
Níl mórán, sórt, muiníne againn as faoi láthair agus is cúis mhór imní é; dom féin go pearsanta. Tá mo mháthair tinn agus tá píosa maith déanta san ospidéal anois aici, agus ó thaobh í a thabhairt abhaile is rud, *you know*, bheadh súil agat go mbeadh an tacaíocht sin ann, go háirithe ar oileán, go mbeadh daoine in ann brath ar an tseirbhís. Tá dochtúir againn ach téann seisean go hInis Meáin freisin, agus an mhaidin a théann seisean go hInis Meáin ní bhíonn aon … bíonn an áit seo fágtha gan chlúdach.

Sinéad Ní Neachtain
Tá an pobal ag iarraidh go gcuirfeadh an Fheidhmeannacht seirbhísí cearta ar fáil mar gurb iad na daoine atá siar leis.

Paddy Crowe, Bainisteoir Chomhar Chaomháin, Inis Oírr
Bhuel, tá muid ag iarraidh na feidhmeannaigh, ó mhí an Aibreáin, breathnú amach dúinn agus ba cheart dóibh, agus níl freagra faighte agam, níl freagra go fóill faighte agam céard a dhéanfaidh muid fiú amháin i gcás éigeandála, ar an oileán nuair nach bhfuil clúdach ann. Tádar[1] an-mhall ag déanamh suas a n-intinn, céard é (atá) ceart don oileán. Tá siad ag rá linn nach bhfuil an méid sin clúdaigh ag teastáil uainn. Tá siad ag smaoineamh ar cén chaoi a ritheann siad áiteanna istigh ar an mórthír. Ní ar an mórthír atá muid, tá muid in áit iargúlta amach sa bhfarraige[2], agus ba cheart go mbeadh córas ceart againn le breathnú amach don chuid seo den oileán.

Sinéad Ní Neachtain
Tá Comhdháil Oileáin na hÉireann ag iarraidh cruinniú láithreach leis an bhFeidhmeannacht le polasaí ceart náisiúnta a leagan amach do na hoileáin a chinnteodh go mbeadh seirbhís leighis ar fáil dóibh.

Ní Inis Oírr amháin a bhfuil laghdú tagtha ar sheirbhísí altrachta le gairid. Tá muintir Inis Toirc ag troid le seirbhís altrachta a fháil freisin; tá siad fágtha gan aon altra ón mhí seo caite. Ní raibh an Fheidhmeannacht ar fáil leis an scéal a phlé linn inniu.

Sinéad Ní Neachtain, Nuacht TG4, Inis Oírr, Árainn.

[1] *tádar* = tá siad. Is foirm chanúnach é seo.
[2] *sa bhfarraige* atá i gcanúint Chonnacht, *san fharraige* atá sa Chaighdeán Oifigiúil